II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/944 ÓN gCOIMISIÚN

**an 17 Eanáir 2023**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe trédhearcachta is infheidhme maidir le hidirbhearta in ionstraimí cothromais**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(6), an tríú fomhír, Airteagal 7(2), an tríú fomhír, Airteagal 14(7), an tríú fomhír, Airteagal 20(3), an tríú fomhír, Airteagal 22(3), an dara fomhír agus Airteagal 23(3), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Agus aird á tabhairt ar an taithí a fuarthas le cur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ([2]) gCoimisiún, le sainaithint chur i bhfeidhm neamhréireach na bhforálacha a bhraitheann ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil idirbheart ina idirbheart "nach gcruthaítear praghas leis" agus ag cur san áireamh na hathruithe i gcleachtais trádála de dheasca forbairtí teicneolaíochta agus oiriúnuithe ar iompar rannpháirtithe sa mhargadh a fhágann gur féidir faisnéis a fhoilsiú le moill níos giorra, ní mór forálacha áirithe den Rialachán Tarmligthe sin a leasú.

(2) Maidir le coincheap na n-idirbheart nach gcruthaítear praghas leo agus atá ábhartha chun an tarscaoileadh trádála idirbheartaithe a chur i bhfeidhm, agus maidir leis an oibleagáid trádála scaireanna, chomh maith le díolmhú na gceanglas trédhearcachta iarthrádála le haghaidh idirbhearta déthaobhacha, rinne eintitis atá faoi mhaoirseacht é a léiriú ar bhealach éagsúil, agus mar thoradh air sin foilsíodh faisnéis trédhearcachta iarthrádála ar bhealach neamhréireach. Chun an trédhearcacht, cáilíocht na sonraí a fheabhsú agus ar deireadh, comhiomlánú na sonraí a éascú, is gá an córas tuairiscithe is infheidhme maidir le hidirbhearta cothromais a shimpliú agus a shoiléiriú. Chun léiriú éagsúil a sheachaint, ba cheart na forálacha éagsúla a bhraitheann ar choincheap na n-idirbheart nach gcruthaítear praghas leo i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ([3]) agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún, ina ndéileáiltear le hidirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla, a ailíniú. Cuimsítear na hidirbhearta go léir atá le heisiamh ó cheanglais tuairiscithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, agus ba cheart, dá bhrí sin, na hidirbhearta ar leithligh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a bhaint.

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 84.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála um cheanglais trédhearcachta ar ionaid trádála agus ar ghnólachtaí infheistíochta maidir le scaireanna, admhálacha taisclainne, cistí arna dtrádáil ar an malartán, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile agus maidir le hoibleagáidí forghníomhúcháin idirbheart i ndáil le scaireanna áirithe ar ionad trádála nó ar inmheánaitheoir córasach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 387).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lch. 449).

(3) Trí choincheap na n-idirbheart nach gcruthaítear praghas leo a ailíniú leis an gcoincheap sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, tá an sainmhíniú ar "idirbhearta tarscaoilte" nó "idirbheart curtha ar aghaidh" iomarcach, ós rud é nár úsáideadh an sainmhíniú sin ach i bhforálacha ina bpléitear leis an gcoincheap sin. Thairis sin, ní úsáidtear an sainmhíniú ar "idirbheart maoinithe urrús" sa Rialachán Tarmligthe sin. Ba cheart, dá bhrí sin, na sainmhínithe sin a scriosadh.

(4) Cé gur tháinig méadú ar thrédhearcacht réamhthrádála in ionstraimí cothromais agus in ionstraimí atá cosúil le cothromas de bharr chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587, tá leibhéal na trédhearcachta réamhthrádála fíor-ama fós íseal i gcás na gcistí arna dtrádáil ar an malartán (ETFanna). Tá sé sin mar thoradh ar chéatadán suntasach d'idirbhearta ETF, i gcomhthéacs líon na dtrádálacha agus an méid a trádáladh, a bhaineann tairbhe as tarscaoileadh faoi láthair, go háirithe an tarscaoileadh ar mhórscála dá bhforáiltear in Airteagal 4(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Dá bhrí sin, níor baineadh amach go hiomlán cuspóir an Rialacháin sin maidir leis an trédhearcacht i margadh ETF a mhéadú. Chun trédhearcacht réamhthrádála fíor-ama in ETF a mhéadú, is gá, dá bhrí sin, an tairseach trédhearcachta réamhthrádála ar mhórscála is infheidhme maidir le ETFanna a mhéadú. Leis an méadú ar an tairseach, áiritheofar go mbeidh níos mó idirbheart in ETFanna faoi réir ceanglas trédhearcachta réamhthrádála fíor-ama agus cosaint leordhóthanach ar thionchar praghsanna ar orduithe móra á háirithiú.

(5) Mar an gcéanna, tá an leibhéal trédhearcachta iarthrádála le haghaidh ETFanna fós íseal, agus tá an cion d'fhoilsiú iarchurtha idirbheart in ETF fós i bhfad níos airde ná mar atá i gcás scaireanna agus ionstraimí cothromais eile. Lena áirithiú go mbeidh níos mó idirbheart in ETFanna faoi réir ceanglas trédhearcachta iarthrádála fíor-ama, is gá íosmhéid cáilitheach na n-idirbheart in ETFanna atá i dteideal iarchur 60 nóiméad a mhéadú. Léirítear leis an méadú sin ar an tairseach an chothromaíocht cheart idir trédhearcacht fíor-ama a mhéadú agus cosaint leordhóthanach a áirithiú ar iarmhairtí diúltacha féideartha a bhaineann le horduithe móra a thaispeáint.

(6) Tá léirmhínithe éagsúla á mbaint ag rannpháirtithe sa mhargadh as na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála le haghaidh córais trádála hibrideacha, rud a fhágann go bhfuil trédhearcacht réamhthrádála neamhréireach á nochtadh ag oibreoirí na gcóras sin. Is éard is córais hibrideacha ann córais ina gcomhcheanglaítear dhá chóras trádála nó níos mó. Chun a áirithiú go nochtfaidh na hoibreoirí sin faisnéis iomchuí trédhearcachta réamhthrádála ar bhealach comhsheasmhach ar fud an Aontais, ba cheart ceanglais trédhearcachta réamhthrádála a thabhairt isteach le haghaidh córais trádála hibrideacha lena n-áirithítear go mbeidh na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála ailínithe le ceanglais na gcóras aonair atá sa chóras hibrideach.

(7) Le forbairtí teicneolaíochta agus margaidh, amhail úsáid mhéadaithe a bhaint as córais nach bhfuil a oiread aga folaigh iontu, féadfaidh na rannpháirtithe sa mhargadh faisnéis a sholáthar faoi idirbhearta ag pointe ama níos luaithe. Agus é sin á chur san áireamh, tá an fhéidearthacht go bhféadfaí faisnéis iarthrádála iarchurtha a fhoilsiú tráth nach déanaí ná meán lae ar an lá trádála dár gcionn maidir le hidirbhearta a dhéantar níos lú ná 2 uair an chloig roimh dheireadh an lae trádála rófhada. Lena áirithiú go bhfoilseofar faisnéis iarthrádála go tráthúil, is gá, dá bhrí sin, an tréimhse sin a laghdú go dtí tráth nach déanaí ná 9 a.m. am na háite ar an lá trádála dár gcionn.

(8) Ní léirmhíníonn ionaid trádála, socruithe formheasta maidir le foilsiú (APAnna) agus gnólachtaí infheistíochta go comhsheasmhach na ceanglais a bhaineann le faisnéis trédhearcachta iarthrádála a nochtadh don phobal ná an fhaisnéis atá le soláthar don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus do na húdaráis inniúla chun críoch na ríomhanna trédhearcachta. Mar thoradh air sin, bíonn an t-eolas sin neamhiomlán, míchruinn nó neamhréireach. Baineann sé sin an bonn ó inúsáidteacht faisnéise den sórt sin agus ó cháilíocht agus ó chruinneas na ríomhanna trédhearcachta bunaithe ar na sonraí arna gcur isteach. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas trédhearcachta iarthrádála a chur chun cinn ar fud an Aontais, is gá, dá bhrí sin, ábhar na n-iarrataí ar shonraí a shonrú tuilleadh, agus go háirithe na mionsonraí a bheidh le nochtadh ag ionaid trádála, ag APAnna agus ag soláthraithe teilitéipe comhdhlúite nuair a thuairiscíonn siad sonraí tagartha agus sonraí cainníochtúla do ESMA agus do na húdaráis inniúla.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 a leasú dá réir.

(10) Ionas go bhféadfaidh ionaid trádála, APAnna agus gnólachtaí infheistíochta na hathruithe is gá ar a gcórais a chur chun feidhme, ba cheart feidhm a bheith ag leasuithe áirithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2024. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus leanúnachas a áirithiú maidir le hidirbhearta a chuirfear i gcrích roimh an 1 Eanáir 2024 ach a fhoilseofar nó a leasófar i ndiaidh an dáta sin, ba cheart go mbeidh feidhm ag Airteagail 2, 6 agus 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis de réir mar is infheidhme an 31 Nollaig 2023 fós maidir leis na hidirbhearta sin.

(11) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA atá an Rialachán seo bunaithe.

(12) Thionóil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, scriostar pointí (2) agus (3);

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) scriostar pointí (d) go (i);

(b) cuirtear isteach an pointe (j) seo a leanas:

"(j) ní hionann an t-idirbheart agus idirbheart chun críocha Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 i gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún (*).

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun idirbhearta a thuairisciú d'údaráis inniúla (IO L 87, 31.3.2017, lch. 449).";

(3) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) scriostar pointí (d) go (i);

(b) cuirtear an pointe (k) seo a leanas leis;

"(k) ní ionann an t-idirbheart agus idirbheart chun críocha Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 i gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590.";

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfar ordú maidir le ETF a mheas mar ordú ar mhórscála i gcás go bhfuil an t-ordú cothrom le EUR 3 000 000 nó gur mó ná sin é.";

(5) in Airteagal 13, scriostar pointí (b), (c) agus (d);

(6) in Airteagal 15(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) tráth nach déanaí ná an chéad lá trádála eile den mhargadh is ábhartha i gcomhthéacs leachtachta i gcás idirbheart nach gcumhdaítear i bpointe (a).";

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(7) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Úsáidfidh údaráis inniúla, oibreoirí margaidh agus gnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ionad trádála á oibriú acu, an fhaisnéis arna foilsiú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo chun críocha Airteagal 4(1), pointe (a) agus pointe (c) agus Airteagal 14(2) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, le linn na tréimhse idir an chéad Luan de mhí Aibreáin na bliana ina bhfoilseofar an fhaisnéis agus an lá roimh an gcéad Luan de mhí Aibreáin na bliana ina dhiaidh sin.”;

(b) cuirtear an mhír 6 agus an mhír 7 seo a leanas leis:

“6. I gcás ina n-éileoidh ESMA nó údaráis inniúla faisnéis i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó ionaid trádála, cuirfidh APAnna agus CTPanna faisnéis den sórt sin ar fáil i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

7. I gcás ina sloinntear méid na trádála arna chinneadh chun críocha Airteagal 7(1) agus (2), Airteagal 8(2), phointe (a), Airteagal 11(1) agus Airteagal 15 (1) i luach airgeadaíochta agus nach bhfuil an ionstraim airgeadais ainmnithe in Euro, déanfar méid na trádála a chomhshó go dtí an t-airgeadra ina bhfuil an ionstraim airgeadais ainmnithe tríd an ráta tagartha malairte eachtraí in euro a chur i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.”;

(8) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(10) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo leis mar Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 2*

**Ceartúcháin ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587**

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) comhlíonann an socrú socruithe teicniúla atá coibhéiseach leis na cinn a shonraítear le haghaidh socruithe formheasta maidir le foilsiú (APAnna) in Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/571 lena n-éascaítear comhdhlúthú na sonraí le sonraí comhchosúla ó fhoinsí eile;”;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

“*Airteagal 18*

**Tagairt d’údaráis inniúla**

(Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014)

Is é a bheidh san údarás inniúil le haghaidh ionstraim airgeadais shonrach atá freagrach as na ríomhanna a dhéanamh agus as foilsiú na faisnéise a áirithiú dá dtagraítear in Airteagail 4, 7, 11 agus 17 údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus a shonraítear in Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590.”.

*Airteagal 3*

**Foráil idirthréimhseach**

Beidh Airteagail 2, 6 agus 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis, de réir mar is infheidhme an 31 Nollaig 2023, fós i bhfeidhm maidir le hidirbhearta a chuirfear i gcrích roimh an 1 Eanáir 2024.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (2), (3), (5) agus (8) ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 17 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 1:

*"Tábla 1*

**Tuairisc ar chineál na gcóras trádála agus ar an bhfaisnéis ghaolmhar atá le cur ar fáil don phobal i gcomhréir le hAirteagal 3**

| Sraith | An cineál córais trádála | Tuairisc ar an gcóras trádála | Faisnéis atá le cur ar fáil don phobal |
|---|---|---|---|
| 1 | Córas trádála leabhair orduithe bunaithe ar cheant leanúnach | Córas trína ndéantar, trí leabhar orduithe agus algartam trádála a oibrítear gan idirghabháil dhaonnúil, orduithe díola a mheaitseáil le horduithe ceannaigh ar bhonn an phraghais is fearr atá ar fáil ar bhonn leanúnach. | Líon comhiomlán na n-orduithe agus na scaireanna, na n-admhálacha taisclainne, na ETFanna, na ndeimhnithe agus na n-ionstraimí airgeadais comhchosúla eile arb ionann iad ar gach leibhéal praghais do na cúig leibhéal praghsanna tairisceana agus iarraidh is fearr ar a laghad. |
| 2 | Córas trádála bunaithe ar luachana | Córas ina gcuirtear idirbhearta i gcrích ar bhonn luachana daingne a chuirtear ar fáil go leanúnach do rannpháirtithe, lena gceanglaítear ar na cruthaitheoirí margaidh luachana a choinneáil i méid lena bhfaightear cothromaíocht idir riachtanais na gcomhaltaí agus na rannpháirtithe chun déileáil i méid tráchtála agus an riosca a nochtann an cruthaitheoir margaidh é féin dó. | An tairiscint agus iarraidh is fearr de réir phraghas gach cruthaitheora margaidh i scaireanna, admhálacha taisclainne, ETFanna, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile a thrádáiltear ar an gcóras trádála, mar aon leis na méideanna a cheanglaítear leis na praghsanna sin. Is éard a bheidh sna luachana a chuirfear ar fáil don phobal ná na luachana sin ar gealltanais cheangailteacha iad chun na n-ionstraimí airgeadais a cheannach agus a dhíol agus lena léirítear praghas agus méid na n-ionstraimí airgeadais ina bhfuil na cruthaitheoirí margaidh cláraithe sásta iad a cheannach nó a dhíol. I ndálaí eisceachtúla margaidh, áfach, féadfar praghsanna táscacha nó praghsanna aontreo a cheadú ar feadh tréimhse theoranta. |
| 3 | Córas trádála bunaithe ar cheant tréimhsiúil | Córas lena meaitseáiltear orduithe ar bhonn ceant tréimhsiúil agus algartam trádála a oibrítear gan idirghabháil dhaonnúil. | An praghas is fearr a shásódh an córas trádála bunaithe ar cheant maidir lena algartam trádála i leith scaireanna, admhálacha taisclainne, ETFanna, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile a thrádáiltear ar an gcóras trádála agus an méid a d'fhéadfadh a bheith infhorghníomhaithe ag an bpraghas sin ag rannpháirtithe sa chóras sin. |

| Sraith | An cineál córais trádála | Tuairisc ar an gcóras trádála | Faisnéis atá le cur ar fáil don phobal |
|---|---|---|---|
| 4 | Córas chun luachan a iarraidh | Córas ina gcuirtear luachan nó luachana ar fáil mar fhreagairt ar iarraidh ar luachan arna chur isteach ag comhalta nó rannpháirtí amháin nó níos mó. Beidh an luachan infhorghníomhaithe ag an comhalta nó ag an rannpháirtí iarrthach amháin. Féadfaidh an comhalta iarrthach nó an rannpháirtí iarrthach idirbheart a chur i gcrích trí ghlacadh leis na luachana nó na luachana a chuirfear ar fáil dó ar iarraidh sin. | Na luachana agus na méideanna a cheanglaítear leo ó aon chomhalta nó rannpháirtí as a dtiocfadh, má ghlacfar leo, idirbheart faoi rialacha an chórais. Féadfar gach luachan a chuirtear isteach mar fhreagra ar iarraidh ar luachan a fhoilsiú ag an am céanna ach tráth nach déanaí ná an tráth a n-éireoidh siad infhorghníomhaithe. |
| 5 | Córas trádála hibrideach | Córas a thagann faoi dhá cheann nó níos mó de na cineálacha córas trádála dá dtagraítear i sraitheanna 1 go 4 den Tábla seo. | I gcás córas hibrideach ina gcomhcheanglaítear córais trádála éagsúla ag an am céanna, comhfhreagraíonn na ceanglais do na ceanglais trédhearcachta trádála réamhthrádála is infheidhme maidir le gach cineál córais trádála lena gcruthaítear an córas hibrideach.<br>Maidir le córais hibrideacha ina gcomhcheanglaítear dhá chóras trádála nó níos mó ina dhiaidh sin, comhfhreagraíonn na ceanglais do na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála is infheidhme maidir leis an gcóras trádála faoi seach a oibrítear ag pointe áirithe ama |
| 6 | Aon chóras trádála eile | Aon chineál eile córais trádála nach bhfuil clúdaithe i sraitheanna 1 go 5. | Faisnéis leordhóthanach maidir le leibhéal na n-orduithe nó na luachana agus maidir le leas trádála i ndáil le scaireanna, admhálacha taisclainne, ETFanna, deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile a thrádáiltear ar an gcóras trádála; go sonrach, na cúig leibhéal praghais tairisceana agus iarraidh is fearr agus/nó na luachana dhá threo ó gach cruthaitheoir margaidh san ionstraim sin, má éascaítear é sin le saintréithe an tsásra aimsithe praghsanna.” |

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tháblaí 3 agus 4:

*“Tábla 3*

**Liosta mionsonraí chun críoch na trédhearcachta iarthrádála**

| # | Aitheantóir an réimse | Tuairiscí agus na sonraí atá le foilsiú | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Formáid atá le pobalú mar a mhínítear i dTábla 2 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Dáta agus am trádála | An dáta agus an t-am a forghníomhaíodh an t-idirbheart.<br>I gcás idirbheart a fhorghníomhófar ar ionad trádála, beidh leibhéal na gráinneachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/574.<br>I gcás idirbheart nach bhforghníomhófar ar ionad trádála, an dáta agus an t-am a | Margadh Rialáilte (RM)<br>Saoráid Trádála Iltaobhach (MTF)<br>Socrú Formheasta maidir le Foilsiú (APA)<br>Soláthraí teilitéipe comhdhlúite (CTP) | {DÁTA_AM_FORMÁID} |

| # | Aitheantóir an réimse | Tuairiscí agus na sonraí atá le foilsiú | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Formáid atá le pobalú mar a mhínítear i dTábla 2 |
|---|---|---|---|---|
| | | n-aontóidh na páirtithe ábhar na réimsí seo a leanas: cainníocht, praghas, airgeadraí mar a shonraítear i réimsí 31, 34 agus 44 de Thábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, cód aitheantais ionstraime, aicmiú ionstraime agus cód na bunionstraime, i gcás inarb infheidhme. I gcás idirbheart nach bhforghníomhaítear ar ionad trádála, beidh an t-am a dtuairiscítear ar an leibhéal gráinneachta céanna leis dara ceann is gaire ar a laghad.<br>I gcás ina bhfuil an t-idirbheart mar thoradh ar ordú arna tharchur ag an ngnólacht forghníomhaitheach thar ceann cliaint chuig tríú páirtí i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha maidir leis an tarchur a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590, is é dáta agus am an idirbhirt a bheidh i gceist seachas am tharchur an ordaithe. | | |
| 2 | Cód aitheantais ionstraime | Cód a úsáidtear chun an ionstraim airgeadais a aithint. | RM, MTF, APA, CTP | {ISIN} |
| 3 | Praghas | Praghas trádála an idirbhirt gan coimisiún ná ús fabhraithe a áireamh, más infheidhme.<br>I gcás ina dtuairisceofar praghas i dtéarmaí airgeadaíochta, soláthrófar é sa phríomh-aonad airgeadra.<br>I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh ('PNDG') nó nach bhfuil sé infheidhme ('NOAP'), ní dhéanfar an réimse seo a phobalú. | RM, MTF, APA, CTP | {DEACHÚLACH-18/13} nuair a sloinntear an praghas mar luach airgeadaíochta i gcás cothromais agus ionstraimí airgeadais atá cosúil le cothromas<br>{DEACHÚLACH-11/10} nuair a shloinntear an praghas mar chéatadán nó mar thoradh i gcás deimhnithe agus ionstraimí airgeadais eile atá cosúil le cothromas |
| 4 | Praghas ar Iarraidh | I gcás nach bhfuil an praghas ar fáil faoi láthair ach go bhfuil sé ar feitheamh, is é 'PNDG' a bheidh sa luach.<br>I gcás nach mbeidh an praghas infheidhme, 'NOAP' a bheidh sa luach. | RM, MTF, APA, CTP | 'PNDG' i gcás nach bhfuil an praghas ar fáil<br>'NOAP' i gcás nach bhfuil an praghas infheidhme |
| 5 | Airgeadra an phraghais | Mór-aonad airgeadra ina sloinntear an praghas (infheidhme má shloinntear an praghas mar luach airgeadaíochta). | RM, MTF APA, CTP | {CÓDAIRGEADRA_3} |
| 6 | Anótáil praghais | Léiriú i dtaobh an bhfuil an praghas sloinnte i luach airgeadaíochta, i gcéatadán nó i dtoradh. | RM, MTF APA, CTP | MONE' — Luach airgeadaíochta<br>i gcás cothromais agus ionstraimí airgeadais atá cosúil le cothromas<br>'PERC' — Céatadán |

| # | Aitheantóir an réimse | Tuairiscí agus na sonraí atá le foilsiú | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Formáid atá le pobalú mar a mhínítear i dTábla 2 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | i gcás deimhnithe agus ionstraimí airgeadais eile atá cosúil le cothromas<br>'YIEL' — Toradh<br>i gcás deimhnithe agus ionstraimí airgeadais eile atá cosúil le cothromas<br>'BAPO' — Bonnphointí<br>i gcás deimhnithe agus ionstraimí airgeadais eile atá cosúil le cothromas |
| 7 | Cainníocht | Líon aonaid an n-ionstraimí airgeadais.<br>Luach ainmniúil nó luach airgeadaíochta na hionstraime airgeadais. | RM, MTF, APA, CTP | {DEACHÚLACH-18/17} i gcás ina sloinntear an chainníocht mar líon na n-aonad<br>{DEACHÚLACH-18/5} i gcás ina shloinntear an chainníocht mar luach airgeadaíochta nó ainmniúil |
| 8 | Ionad an fhorghníomhaithe | Sainaithint an ionaid inar cuireadh an t-idirbheart i gcrích.<br>Úsáid an MIC deighleoige ISO 10383 le haghaidh idirbheart a fhorghníomhaítear ar ionad trádála AE I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin.<br>Úsáid 'SINT' le haghaidh ionstraimí airgeadais a ligfear isteach chun a dtrádála nó a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás ina bhforghníomhaítear an t-idirbheart ar an ionstraim airgeadais sin ar Inmheánaitheoir Córasach.<br>Úsáid an cód MIC 'XOFF' le haghaidh ionstraimí airgeadais a ligfear isteach chun a dtrádála nó a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás nach bhforghníomhaítear an t-idirbheart ar an ionstraim airgeadais sin ar ionad trádála AE ná nach bhforghníomhaítear é ar inmheánaitheoir córasach. Má fhorghníomhaítear an t-idirbheart ar ardán trádála eagraithe lasmuigh den Aontas Eorpach, sa bhreis ar an gcód MIC 'XOFF' beidh gá an réimse 'Ionad trádála forghníomhaithe tríú tír' a phobalú chomh maith. | RM, MTF, APA, CTP | {MIC} – Ionaid trádála AE nó<br>'SINT' — inmheánaitheoir córasach<br>'XOFF' — seachas sin |

| # | Aitheantóir an réimse | Tuairiscí agus na sonraí atá le foilsiú | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Formáid atá le pobalú mar a mhínítear i dTábla 2 |
|---|---|---|---|---|
| 9 | Ionad trádála forghníomhaithe tríú tír | Sainaithint ionad trádála an tríú tír inar forghníomhaíodh an t-idirbheart. Bain úsáid as an MIC deighleoige MIC ISO 10383. I gcás nach ann don MIC deighleoige, úsáid an MIC oibriúcháin.<br><br>I gcás nach ndéantar an t-idirbheart a fhorghníomhú ar ionad trádála tríú tír, ní dhéanfar an réimse a phobalú. | APA, CTP | {MIC} |
| 10 | Dáta agus am an fhoilsithe | An dáta agus an t-am ar fhoilsigh ionad trádála nó APA an t-idirbheart.<br><br>I gcás idirbheart a fhorghníomhófar ar ionad trádála, beidh leibhéal na gráinneachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/574.<br><br>I gcás idirbheart nach bhforghníomhaítear ar ionad trádála, beidh an t-am a dtuairiscítear ar an leibhéal gráinneachta céanna leis dara ceann is gaire ar a laghad. | RM, MTF, APA, CTP | {DÁTA_AM_FORMÁID} |
| 11 | Ionad an Fhoilsithe | Cód a úsáidtear chun an t-ionad trádála nó an APA atá ag foilsiú an idirbhirt a shainaithint. | CTP | ionad trádála: {MIC}<br><br>APA: ISO 10383 MIC deighleoige (4 charachtar) más ann dó. Seachas sin, cód 4 charachtar mar atá foilsithe sa liosta de sholáthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí ar shuíomh gréasáin ESMA. |
| 12 | Cód aitheantais idirbhirt | Cód alfa-uimhriúil a shannann ionaid trádála (de bhun Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/580 ón gCoimisiún [1]) agus ag APAnna agus a úsáidtear in aon tagairt ina dhiaidh sin don trádáil shonrach.<br><br>Beidh an cód aitheantais idirbhirt uathúil, comhsheasmhach agus leanúnach in aghaidh MIC deighleoige ISO 10383 agus in aghaidh an lae trádála. I gcás nach n-úsáideann an t-ionad trádála MIC deighleoige, beidh an cód aitheantais idirbhirt uathúil, comhsheasmhach agus leanúnach in aghaidh an MIC oibriúcháin in aghaidh an lae trádála. | RM, MTF, APA, CTP | {ALFA-UIMHIR-52} |

| # | Aitheantóir an réimse | Tuairiscí agus na sonraí atá le foilsiú | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Formáid atá le pobalú mar a mhínítear i dTábla 2 |
|---|---|---|---|---|
| | | I gcás nach n-úsáideann an APA MICanna, beidh sé uathúil, comhsheasmhach agus leanúnach in aghaidh an chóid 4 charachtar a úsáidtear chun an APA in aghaidh an lae trádála a shainaithint.<br><br>Ní nochtfaidh comhpháirteanna an chóid aitheantais idirbhirt aitheantas na gcontrapháirtithe san idirbheart a bhfuil an cód á choimeád ina leith | | |

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/580 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála chun sonraí ábhartha a bhaineann le horduithe in ionstraimí airgeadais a choimeád (IO L 87, 31.3.2017, lch. 193).

*Tábla 4*

**Liosta bratach chun críoch na trédhearcachta iarthrádála**

| Bratach | Ainm | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Tuairisc |
|---|---|---|---|
| 'BENC' | Bratach idirbheart tagarmhairc | RM, MTF<br>APA<br>CTP | Idirbhearta a fhorghníomhaítear i ndáil le praghas a ríomhtar thar chásanna iomadúla ama de réir tagarmharc ar leith, amhail meánphraghas ualaithe de réir méid nó meánphraghas ualaithe de réir ama. |
| 'NPFT' | Bratach idirbheart nach gcruthaítear praghas leo | RM, MTF<br>CTP | Idirbhearta nach gcruthaítear praghas leo arna leagtar amach in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/590. |
| 'PORT' | Bratach idirbheart punainne | RM, MTF<br>APA<br>CTP | Idirbhearta i gcúig ionstraim airgeadais dhifriúla nó níos mó i gcás ina dtrádálann an cliant céanna na hidirbhearta sin ag an am céanna agus mar bheart aonair i gcoinne praghas tagartha sonrach. |
| 'CONT' | Bratach idirbheart teagmhasach | RM, MTF<br>APA<br>CTP | Idirbhearta a bhraitheann ar cheannach, ar dhíol, ar chruthú nó ar fhuascailt conartha díorthach nó ionstraime airgeadais eile i gcás ina bhfuil sé i gceist comhpháirteanna uile na trádála a fhorghníomhú mar bheart aonair. |
| 'ACTX' | Bratach tras-idirbheart gníomhaireachta | APA<br>CTP | Idirbhearta i gcás inar thug gnólacht infheistíochta orduithe cliant le chéile leis an gceannach agus leis an díol a rinneadh mar idirbheart amháin agus lena mbaineann an méid agus an praghas céanna. |
| 'SDIV' | Bratach speisialta idirbheart díbhinne | RM, MTF<br>APA<br>CTP | Idirbhearta: a fhorghníomhaítear le linn na tréimhse ex-dhíbhinne i gcás ina bhfabhraíonn an díbhinn nó an cineál eile dáileacháin chuig an gceannaitheoir seachas chuig an díoltóir; nó a fhorghníomhaítear le linn na tréimhse cum-dhíbhinne i gcás ina bhfabhraíonn an díbhinn nó an cineál eile dáileacháin chuig an díoltóir seachas chuig an gceannaitheoir. |

| Bratach | Ainm | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Tuairisc |
|---|---|---|---|
| 'LRGS' | Bratach idirbheart iarthrádála ar mhórscála | RM, MTF<br>APA<br>CTP | Idirbhearta ar idirbhearta ar mhórscála iad i gcomparáid le gnáthmhéid an mhargaidh dá gceadaítear foilsiú iarchurtha faoi Airteagal 15. |
| 'RFPT' | Bratach idirbheart praghais tagartha | RM, MTF<br>CTP | Idirbhearta a fhorghníomhaítear faoi chórais a oibríonn i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. |
| 'NLIQ' | Idirbheart idirbheartaithe i mbratach ionstraimí airgeadais leachtacha | RM, MTF<br>CTP | Idirbhearta a fhorghníomhaítear i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (b)(i), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. |
| 'OILQ' | Idirbheart idirbheartaithe i mbratach ionstraimí airgeadais neamhleachtacha | RM, MTF<br>CTP | Idirbhearta a fhorghníomhaítear i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (b)(ii), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. |
| 'PRIC' | Idirbheart idirbheartaithe faoi réir coinníollacha seachas bratach an mhargadhphraghais reatha | RM, MTF<br>CTP | Idirbhearta a fhorghníomhaítear i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (b)(ii), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 arna leagan amach in Airteagal 6. |
| 'ALGO' | Bratach idirbheart algartamach | RM, MTF<br>CTP | Idirbhearta a fhorghníomhaítear mar thoradh ar ghnólacht infheistíochta a bheith rannpháirteach i dtrádáil algartamach mar a shainítear in Airteagal 4(1), pointe (39), de Threoir 2014/65/AE. |
| 'SIZE' | Idirbheart os cionn bhratach mhéid chaighdeánach an mhargaidh | APA<br>CTP | Idirbhearta a fhorghníomhaítear ar inmheánaitheoir córasach i gcás ina bhfuil méid an ordaithe isteach os cionn mhéid chaighdeánach an mhargaidh mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 11. |
| 'ILQD' | Bratach idirbheart ionstraimí neamhleachtacha | APA<br>CTP | Idirbhearta in ionstraimí neamhleachtacha arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagail 1 go 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/567 ([1]) ón gCoimisiún a fhorghníomhaítear ar inmheánaitheoir córasach. |
| 'RPRI' | Idirbhearta a bhfuil bratach feabhsaithe praghais faighte ina leith | APA<br>CTP | Idirbhearta a fhorghníomhaítear ar inmheánaitheoir córasach le feabhsú praghais i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. |
| 'CANC' | Bratach chealaithe | RM, MTF<br>APA<br>CTP | Nuair a chealaítear idirbheart a foilsíodh roimhe seo |
| 'AMND' | Bratach leasaithe | RM, MTF<br>APA<br>CTP | Nuair a leasaítear idirbheart a foilsíodh roimhe seo |
| 'DUPL' | Bratach tuarascálacha dúblálacha trádála | APA | Nuair a thuairiscítear idirbheart do níos mó ná APA amháin i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/571. |

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/567 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainmhínithe, trédhearcacht, comhbhrú punainne agus bearta maoirseachta i dtaca le hidirghabháil táirge agus suíomhanna (IO L 87, 31.3.2017, lch. 90).”

*IARSCRÍBHINN II*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/587, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 5:

*"Tábla 5*

**Tairseacha foilsithe iarchurtha agus moilleanna le haghaidh ETFanna**

| Íosmhéid cháiliúcháin an idirbhirt ar mhoill cheadaithe in EUR | Am an fhoilsithe i ndiaidh an idirbhirt |
|---|---|
| 15 000 000 | 60 nóiméad |
| 50 000 000 | Deireadh an lae trádála" |

*IARSCRÍBHINN III*

*"IARSCRÍBHINN IV*

**Sonraí atá le soláthar chun an Margadh is Ábhartha a chinneadh ó thaobh leachtachta, an ADT agus an AVT de**

*Tábla 1*

**Tábla siombailí**

| Siombail | Cineál Sonraí | Sainmhíniú |
|---|---|---|
| {ALFA-UIMHIR-n} | Suas le n carachtar alfa-uimhriúil | Réimse saorthéacs |
| {ISIN} | 12 charachtar alfa-uimhriúla | Cód ISIN, mar a shainítear in ISO 6166 |
| {MIC} | 4 charachtar alfa-uimhriúla | Aitheantóir an mhargaidh mar a shainítear in ISO 10383 |
| {FORMÁIDDÁTA} | Formáid dáta ISO 8601 | Déanfar na dátaí a fhormáidiú san fhormáid seo a leanas: BBBB-MM-LL. |
| {DEACHÚLACH-n/m} | Uimhir dheachúlach suas le n digit san iomlán ina bhféadfaidh suas le m digit di sin a bheith ina ndigití codáin | Réimse uimhriúil le haghaidh luachanna deimhneacha agus diúltacha araon.<br>is ionann 'deighilteoir deachúlach' agus '.' (lánstad);<br>cuirtear '–' (lúide) roimh uimhreacha diúltacha;<br>déantar luachanna a chothromú agus ní chiorraítear iad. |
| {SLÁNUIMHIR-n} | Slánuimhir suas le n digit | Réimse uimhriúil le haghaidh luachanna slánuimhreach deimhneacha agus diúltacha araon. |

*Tábla 2*

**Sonraí atá le soláthar chun an Margadh is Ábhartha a chinneadh ó thaobh leachtachta, an ADT agus an AVT de (bunaithe ar na treoracha tuairiscithe reatha)**

| Uimh. réimse | Aitheantóir an réimse | Tuairiscí agus na sonraí atá le foilsiú | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Formáid atá le pobalú mar a mhínítear i dTábla 1 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Cód aitheantais ionstraime | Cód a úsáidtear chun an ionstraim airgeadais a aithint | Margadh Rialáilte (RM)<br>Saoráid Trádála Iltaobhach (MTF)<br>Socrú Formheasta maidir le Foilsiú (APA)<br>Soláthraí teilitéipe comhdhlúite (CTP) | {ISIN} |
| 2 | Dáta an fhorghníomhaithe | An dáta ar a bhforghníomhófar na trádálacha. | RM, MTF, APA, CTP | {FORMÁIDDÁTA} |

| Uimh. réimse | Aitheantóir an réimse | Tuairiscí agus na sonraí atá le foilsiú | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Formáid atá le pobalú mar a mhínítear i dTábla 1 |
|---|---|---|---|---|
| 3 | Ionad an fhorghníomhaithe | MIC deighleoige d'ionad trádála an Aontais Eorpaigh nó don inmheánaitheoir córasach, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, seachas sin MIC oibriúcháin.<br>MIC XOFF i gcás ina bhfuil an t-idirbheart á fhorghníomhú ag gnólachtaí infheistíochta nach inmheánaitheoirí córasacha iad agus nach ndéantar é a fhorghníomhú ar ionad trádála. | RM, MTF, APA, CTP | {MIC} – an ionaid trádála nó an inmheánaitheora chórasaigh nó {MIC} - XOFF' |
| 4 | Bratach ionstraime ar fionraí | Táscaire i dtaobh an raibh an ionstraim ar fionraí don lá trádála go léir ar an ionad trádála faoi seach ar dháta an fhorghníomhaithe.<br>Mar thoradh ar ionstraim a chur ar fionraí don lá trádála go léir, déanfar réimsí 5 go 10 a thuairisciú le luach nialasach. | RM, MTF, CTP | FÍOR - má cuireadh an ionstraim ar fionraí don lá trádála go léir<br>nó BRÉAGACH – murar cuireadh an ionstraim ar fionraí don lá trádála go léir |
| 5 | Líon iomlán na n-idirbheart | Líon iomlán na n-idirbheart a forghníomhaíodh ar dháta an fhorghníomhaithe (**). | RM, MTF, APA, CTP | {SLÁNUIMHIR-18} |
| 6 | Láimhdeachas iomlán | An láimhdeachas iomlán arna fhorghníomhú ar dháta an fhorghníomhaithe, arna shloinneadh in EUR (*) (**). | RM, MTF, APA, CTP | {DEACHÚLACH-18/5} |
| 7 | Idirbhearta a fhorghníomhaítear, gan idirbheart a áireamh a fhorghníomhaítear faoin tarscaoileadh réamhthrádála in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. | Líon iomlán na n-idirbheart arna bhforghníomhú ar dháta an fhorghníomhaithe gan na hidirbhearta uile a áireamh a fhorghníomhaítear faoi tharscaoileadh réamhthrádála in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 an lá céanna (**). | RM, MTF, CTP | {SLÁNUIMHIR-18} |
| 8 | Láimhdeachas iomlán a fhorghníomhaítear, gan na hidirbhearta uile a fhorghníomhaítear faoin tarscaoileadh réamhthrádála in Airteagal 4(1), i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a áireamh. | Líon iomlán na n-idirbheart arna bhforghníomhú ar dháta an fhorghníomhaithe gan na hidirbhearta uile a áireamh a fhorghníomhaítear faoi tharscaoileadh réamhthrádála in Airteagal 4(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 an lá céanna (*) (**). | RM, MTF, CTP | {DEACHÚLACH-18/5} |

| Uimh. réimse | Aitheantóir an réimse | Tuairiscí agus na sonraí atá le foilsiú | An cineál forghníomhaithe nó ionaid foilseacháin | Formáid atá le pobalú mar a mhínítear i dTábla 1 |
|---|---|---|---|---|
| 9 | Líon iomlán na n-idirbheart gan na hidirbhearta a fhorghníomhaítear faoin iarchur LIS iarthrádála a áireamh. | Líon iomlán na n-idirbheart a fhorghníomhaítear ar dháta an fhorghníomhaithe, gan na hidirbhearta sin a fhorghníomhaítear faoi tharscaoileadh Mórscála (iarthrádáil) a áireamh (**).<br><br>I gcás scaireanna agus admhálacha taisclainne, ní úsáidfear ach an tairseach is airde don bhanda meánláimhdeachais laethúil gaolmhar (ADT) i dTábla 4 d'Iarscríbhinn II chun na hidirbhearta sin a shainaithint.<br><br>I gcás deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile, ní úsáidfear ach an tairseach is airde i dTábla 6 d'Iarscríbhinn II chun na hidirbhearta sin a shainaithint<br><br>I gcás ETFanna, ní úsáidfear ach an tairseach is airde i dTábla 5 d'Iarscríbhinn II chun na hidirbhearta sin a shainaithint. | RM, MTF, APA, CTP | {SLÁNUIMHIR-18} |
| 10 | Láimhdeachas iomlán arna fhorghníomhú, gan idirbhearta a fhorghníomhaítear faoin iarchur LIS iarthrádála a áireamh. | Méid iomlán na n-idirbheart a fhorghníomhaítear ar dháta an fhorghníomhaithe, gan na hidirbhearta sin a fhorghníomhaítear faoi tharscaoileadh Mórscála (iarthrádáil) a áireamh (*) (**).<br><br>I gcás scaireanna agus admhálacha taisclainne, ní úsáidfear ach an tairseach is airde don bhanda meánláimhdeachais laethúil gaolmhar (ADT) i dTábla 4 d'Iarscríbhinn II chun na hidirbhearta sin a shainaithint.<br><br>I gcás deimhnithe agus ionstraimí airgeadais comhchosúla eile, ní úsáidfear ach an tairseach is airde i dTábla 6 d'Iarscríbhinn II chun na hidirbhearta sin a shainaithint<br><br>I gcás ETFanna, ní úsáidfear ach an tairseach is airde i dTábla 5 d'Iarscríbhinn II chun na hidirbhearta sin a shainaithint. | RM, MTF, APA, CTP | {DEACHÚLACH-18/5} |

(*) Ríomhfar an láimhdeachas mar líon na n-ionstraimí arna malartú idir na ceannaitheoirí agus na díoltóirí arna iolrú faoi phraghas aonaid na hionstraime arna malartú ar an idirbheart sonrach sin agus sloinnfear in EUR é.

(**) Déanfar idirbhearta a cuireadh ar ceal a eisiamh ó na figiúirí a tuairiscíodh.
I ngach cás, ní mór an réimse a phobalú le haon luach níos mó ná nó cothrom le nialas suas go dtí 18 gcarachtar uimhriúla lena n-áirítear suas go dtí 5 ionad de dheachúlacha."